





BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL
OLLSCOIL LUIMNIGH

MARY IMMACULATE COLLEGE
UNIVERSITY OF LIMERICK

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011-2012

# Clár na nÁbhar

| | |
|---|---|
| Réamhrá ón Uachtarán | 2 |
| Brollach an Chathaoirligh | 3 |
| Rialachas | 4 |
| An Bord Rialaithe | 5 |
| Coiste Bainistíochta an Choláiste | 5 |
| Plean Straitéiseach | 5 |
| Bronnadh Céimeanna | 6 |
| Buaicphointí 2011-2012 | 7 |
| Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | 14 |
| Cúrsaí Spóirt | 15 |
| Iontrálaithe nua | 17 |
| Na Dána | 18 |
| Naisc Idirnáisiúnta | 19 |
| Forbairt Ghairmiúil | 19 |
| Seirbhísí Tacaíochta | 22 |
| Saol Mac Léinn san Am a Chuaigh Thart agus Sa Lá atá Inniu ann | 23 |
| Ag Teagasc agus Ag Foghlaim | 23 |
| Cairt Eagraíochtúil | 24 |
| Na Cuntais | 25 |
| Fuinneamh | 26 |
| Líon na Mac Léinn | 27 |
| Líon na Mac Léinn ar Bronnadh Céim orthu | 28 |

# Réamhrá

An tOllamh
Michael A. Hayes
**Uachtarán**



Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil 2011-2012 do Choláiste Mhuire gan Smál.

In 2011-2012 chonacthas go leor athruithe i gColáiste Mhuire gan Smál, go háirithe nuair a tháinig athrú ar an Uachtarán. Thosaigh mé sa ról mar Uachtarán i mí Dheireadh Fómhair 2011, an naoú hUachtarán i stair Choláiste Mhuire gan Smál. Is comhartha é na ballaí teorann á n-ísliú go bhfuil Coláiste Mhuire gan Smál i mbun tús a chur le hathrú mór agus fáilte a chur roimh an bpobal agus tá sé réidh le gnó a dhéanamh.

Thacaigh lainseáil an Phlean Straitéisigh nua 2012-2016 tuilleadh leis an tréimhse nua seo i saol an Choláiste. Aithnítear ann na hathruithe dochta agus casta atá déanta ar na beartais agus an timpeallacht oibríochta in Éirinn. Leis an bPlean Straitéiseach seo cinnteofar go leanfaidh Coláiste Mhuire gan Smál ag fás agus dul i dtreis le naisc idirnáisiúnta níos fearr, agus ag an am céanna beidh ról ríthábhachtach fós aige san oideachas tríú leibéal in Éirinn atá níos ilchineálaí agus níos uileghabhálaí.

Lean Coláiste Mhuire gan Smál ar aghaidh agus na mic léinn is fearr in Éirinn á mhealladh ar ár gceithre chlár fochéime san Oideachas agus sna Saorealaíona, agus líon mac léinn a fuair 600 pointe nó níos mó san áireamh. I mbliana d'éirigh leis an gColáiste iad siúd ar mian leo staidéar a dhéanamh ar chúrsaí Oideachais a mhealladh arís agus d'fhan na pointí CAO do chláir bhunmhúinteoireachta an Choláiste ag 470 pointe (430 pointe d'iarrthóirí ón nGaeltacht), a bhí i measc na roghanna a bhfuil an tóir is mó orthu sa tír. Arís i mbliana, chonacthas ardú iontach sna pointí don Bhaitsiléir Oideachais san Oideachas agus sa tSíceolaíocht atá anois ag 555 pointe.

Bhí go leor rudaí le ceiliúradh ag Coláiste Mhuire gan Smál in 2012, go háirithe nuair a osclaíodh an Amharclann nua Lime Tree atá saintógtha agus ina bhfuil 510 suíochán agus an trealamh ar fad atá de dhíth agus cuireann sé seo go mór le pobal an Choláiste i gcoitinne agus le Cathair Luimnigh. I measc na n-imeachtaí agus tograí éagsúla bhí an chéad Sárthaispeántas Taighde de chuid Choláiste Mhuire gan Smál, Comhdháil Chumann na Múinteoirí Gearmáinise Tríú Leibhéil in Éirinn, Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon, rannpháirtíocht i bhFéile Luimnigh um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, agus an 7ú hInstitiúid Idirnáisiúnta um Dhrámaíocht i dTaighde an Oideachais (IDiERI 7) a bhíomar an-sásta a reáchtáil. Ba mhór an onóir againn fáilte a chur roimh chuairteoirí mór le rá chuig an gColáiste, Ambasadóirí, Airí Stáit, agus roinnt de na baill is cáiliúla de phobal na nEalaíon in Éirinn.

I mí Aibreáin 2012 bhí mé ceaptha ag an Aire Oideachais agus Scileanna Ruairí Quinn ar Chomhairle Mhúinteoireachta na hÉireann ar feadh tréimhse oifige ceithre bliana. Ceann amháin de na rudaí ba mhó sásaimh dom ná ár mbaill foirne Acadúla ag baint amach gradam a bhfuil ardmheas orthu as ucht a gcuid teagaisc agus taighde a dhearbhaíonn arís an soláthar acadúil a chuirimid ar fáil.

Scoláireachtaí Iarchéime an Uachtaráin chun tacú le fís Choláiste Mhuire gan Smál chun mic léinn fhiúntacha a chur ar a gcumas chun deiseanna foghlama ardleibhéil agus taighde den scoth a chur i gcrích le linn na tréimhse seo nuair atá athruithe, athbheochan agus athchóiriú in oideachas na hÉireann nach raibh ann cheana. Cinnteofar leis seo agus le roinnt clár staidéir nua a tugadh isteach go mbeidh Coláiste Mhuire gan Smál é féin á chur chun cinn don todhchaí.



An tOllamh Michael A Hayes
Uachtarán

# Brollach
ó Chathaoirleach
*An Bhoird Rialaithe*



**An Ró-Oirmhinneach Tony Mullins,** Riarthóir, Deoise Luimnigh

Is cúis áthais dom Brollach Thuarascáil Bhliantúil Choláiste Mhuire gan Smál 2011-12 a sholáthar. Bliain ina raibh athruithe móra agus athbheochan a bhí sa Bhliain Acadúil atá críochnaithe agus, thar ceann an Bhoird Rialaithe, ba mhaith liom, ar an gcéad dul síos, buíochas a ghabháil le baill phobal an Choláiste – an fhoireann, na mic léinn, ár gcomhpháirtithe – don ról gníomhach agus tiomanta a d'imir siad anseo. Ba mhaith liom freisin ómós a thabhairt dár nUachtarán nua, an tOllamh Michael A Hayes, a thosaigh a thréimhse oifige ar bhealach an-fhuinniúil, ag leagan amach cláir leis an gColáiste a threorú ar aghaidh nuair a thug sé a chéad óráid i mí Feabhra 2012, agus bhí an tAire Oideachais & Scileanna, Ruairí Quinn TD, agus Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Ard-Oideachais (HEA), Tom Boland, i láthair.

I ndiaidh óráid an Uachtaráin, buaicphointe tábhachtach a bhí ann an bhliain seo caite ba ea lainseáil ár bPlean Straitéisigh nua 2012 – 2016. Déantar achoimre ar an straitéis do na blianta amach anseo i Ráiteas Físe ina bhfuil teachtaireacht láidir agus ba mhaith liom é sin a lua. Sa ráiteas seo deirtear linn gurb é seo aidhm Choláiste Mhuire gan smál:

*" ...Coláiste Caitliceach Oideachais agus Saorealaíon ar leith, cuimsitheach agus ag leibhéal ollscoile, a thairiscíonn deiseanna foghlama ag leibhéal níos airde agus taighde d'ardchaighdeán atá aitheanta agus molta as ucht an méid atá tugtha ag an gColáiste do sholáthar acadúil i gcomhoibriú éifeachtach agus tairbheach lena gcomhpháirtithe in earnáil an ard-oideachais, atá corpraithe ag pobal foghlama fáilteach agus éagsúil, in spás cathartha álainn agus oscailte suite i lár Chathair Luimnigh, agus tá difríocht dearfach agus inbhraite déanta do chothromas agus do chruthú sochaí atá cóir trí chuimsiú oideachais a chur chun cinn go gníomhach agus trí ranníocaíocht a chéimithe den chéad scoth."*

Is ráiteas tábhachtach é seo toisc gur tháinig sé chun cinn ag an am céanna le tréimhse ina bhfuil athruithe agus athchóiriú in oideachas na hÉireann nach raibh ann cheana. Tá an ÚAO i mbun phróiseas an phlé straitéisigh leis an earnáil ardoideachais agus tá an seasamh atá beartaithe acu leagtha amach ag na hinstitiúidí ardoideachais uile i 'dtírdhreach' nua. Tá Coláiste Mhuire gan Smál, mar mhacalla ar a bhfuil sa Ráiteas Físe thuasluaite, ag súil go dóchasach don todhchaí, mar institiúid uathrialaitheach, agus ag an am céanna, ag cur fáilte roimh an bhéim atá leagtha ag an ÚAO ar an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí agus comhoibriú níos fearr idir na hinstitiúidí ardoideachais ionas gur féidir leis an bpobal a bheith muiníneach go bhfaightear luach ar airgead leis an soláthar acadúil in Éirinn ó thaobh an teagaisc agus taighde ar ardchaighdeán. Tá an Coláiste i suíomh an-mhaith freisin chun leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo a bheith rannpháirteach ag leibhéil níos fearr san ardoideachas, agus tá an cuspóir seo lárnach do mhisean na hinstitiúide.

Ar deireadh, guím gach beannacht ar ár nUachtarán nua agus spriocanna an Choláiste á gcomhlíonadh aige agus táim ag súil leis na torthaí a fheiceáil ag eascairt as na hiarrachtaí tacúla a dhéanann ár bhfoireann tiomanta sa todhchaí nua iontach seo i gColáiste Mhuire gan Smál. Molaim duit as an Tuarascáil Bhliantúil seo mar léiriú ar an turas seo atá tosaithe.

An tAthair Tony Mullins

Cathaoirleach *An Bhoird Rialaithe*

# Rialachas



### *An Bord Rialaithe*

Is é *An Bord Rialaithe* comhlacht rialúcháin Choláiste Mhuire gan Smál. Tá an fhreagracht maidir le maoirsiú a dhéanamh ar ghnóthaí an Choláiste leagtha ar *An Bord Rialaithe* ag Iontaobhaithe Choláiste Mhuire gan Smál.

Tháinig *An Bord Rialaithe* le chéile gach ráithe in 2011/2012 agus pléadh na nithe seo a leanas:

- Cúrsaí airgeadais
- Dul chun cinn na bhfochoistí éagsúla
- An fhorbairt i ndoiciméid bheartais éagsúla
- An clár tógála agus an plean forbartha
- Plean Straitéiseach Choláiste Mhuire gan Smál
- Líon na mac léinn a glacadh isteach agus na hiarratais chuig an Lár-Oifig Iontrála (CAO)
- Rialachas

Ba iad seo a leanas baill de *An Bord Rialaithe* le linn 2011-12:

An tOllamh Michael Breen, Mr Noel Byrne, An Dr. Liam Chambers, Mr John Coady, Ms Máiréad Collins, An tSr. Breda Coman, An Dr. Paddy Connolly, Mr John Dalton, Mr Tom Donoghue, Ms Rachel Godfrey, Mr Richard Haslam, Mr John Hayden, An tOllamh Michael Hayes, An tOllamh Michael Healy, Ms Anne Kavanagh, an Dr. Anne Looney, Ms Dorothy Morrissey, Ms Gerardine Moloney, An tAthair Oirmhinneach Tony Mullins, an Dr. Déirdre Ní Chróinín, An tOllamh Gary O'Brien, Ms Margaret O'Brien, An tOllamh Teresa O'Doherty, An tSr. Michele O'Kelly, An Dr. Carol O'Sullivan, Gearóid Uas Ó Tiarnaigh, An tSr. Eucharia Ryan, Ms Caitríona Spooner, An tOllamh Eugene Wall, An tAthair Michael Wall, An tAthair Liam Walsh

### *Coiste Bainistíochta an Choláiste:*


An tOllamh Michael A Hayes, An tOllamh Eugene Wall, An tOllamh Mick Healy, Mr John Coady, An tOllamh Teresa O'Doherty, An tOllamh Gary O'Brien, An tOllamh Michael Breen, Ms Gerardine Moloney, Ms Dorothy Morrissey, An Dr. Liam Chambers

### An Plean Straitéiseach

Nuair a lainseáladh an Plean Straitéiseach nua 2012-2016 ré nua a bhí ann do shaol an Choláiste. Aithnítear ann na hathruithe gasta agus casta atá déanta ar na beartais agus ar an timpeallacht oibríochta in Éirinn.

Mar a luadh i mbrollach an Phlean Straitéisigh, is comhartha ar leith é an balla tosaigh den Choláiste a ísliú agus a 'bheith oscailte' do dheiseanna a chur ar fáil chun obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht leis an bpobal i gcoitinne i dtaca leis an gcuimsiú sóisialta agus oideachasúil. Fócas ar leith den Phlean Straitéiseach don todhchaí ná leanúint ar aghaidh agus tacaíocht a thabhairt do Chuibhreannas Shionainne trí athrú dearfach a dhéanamh trí thaighde, tograí oideachasúla agus líonrú a dhéanamh leis na geallsealbhóirí eile. Léiríonn sé seo freisin go bhfuil an Coláiste ag súil leis an athrú intomhaiste atá i gcomhréir leis na cuspóirí atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta um Ardoideachas.

Sa Phlean Straitéiseach cinnteofar go leanfaidh Coláiste Mhuire gan Smál ag fás agus dul i dtreis le naisc idirnáisiúnta níos fearr, agus ag an am céanna beidh ról ríthábhachtach fós aige san oideachas tríú leibéal in Éirinn atá níos ilchineálaí agus níos uileghabhálaí.



# Bronnadh Céimeanna



Bhí cúis mhór ann le ceiliúradh a dhéanamh ag an mbronnadh céimeanna i mbliana a bhí ar siúl  Déardaoin agus Dé hAoine, an 27 agus 28 Deireadh Fómhair toisc gur bronnadh dámhachtainí acadúla ar bheagnach 1000 mac léinn.  Ba léir caighdeán na hardscoláireachta sa Choláiste leis an réimse fairsing clár (23 san iomlán, agus gan an taighde aonair ag na leibhéil MA agus PhD san áireamh) inar bhain na mic léinn céim amach.




Tugadh onóir ar leith do Elaine Harte Doyle, a fuair an Dámhachtain don Ghnóthachtáil den Scoth, dámhachtain a bhronnann an Coláiste ar mhic léinn a léiríonn gnóthachtálacha den scoth in aon réimse iarrachtaí, i mbliain na dámhachtana. Is í Elaine, ar bronnadh an Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) uirthi, a bhí mar chúl báire d'fhoireann sinsear peile na mBan de chuid Chorcaí a bhuaigh Cluiche Ceannais na hÉireann 2011. Ba é seo an 6ú Bonn de chuid Shinsear na hÉireann toisc go raibh sí mar an cúl báire nuair a bhuaigh Corcaigh in 2005, 2006, 2007, 2008, 2009 agus 2011.

## MEÁN FÓMHAIR 2011





Daoine a fuair an Teastas i Léann na Diagachta agus an Chreidimh leis an Ollamh Eamonn Conway, An tAthair Tony Mullins agus an Dr. Eugene Duffy.

Bhí Sárthaispeántas Taighde 2011 Choláiste Mhuire gan Smál ar siúl ar an 30 Lúnasa 2011. D'eagraigh an tOllamh Michael Healy agus AVP for Research an ócáid. Sárthaispeántas a bhí ann de phunann taighde an Choláiste. D'fhreastail tuairim is 100 duine ar an iomlán agus bhí cuid mhór díobh seo nach raibh baint acu leis an gColáiste.

Ghlac Promethean, cuideachta oideachais dhomhanda, le Coláiste Mhuire gan Smál mar cheann dá chomhpháirtithe le hacmhainní ar líne don tseomra ranga a chur ar fáil le bheith in úsáid ag múinteoirí bunscoile in Éirinn agus ar fud an domhain.

Bhí searmanas bronnta céimeanna an-tábhachtach ann do mhic léinn *Deiseanna Nua i Léann na Diagachta agus an Chreidimh do Dhaoine Fásta* (NOSTRA) i gColáiste Mhuire gan Smál i mí Mheán Fómhair, inar bhain an chéad mhac léinn riamh *Ardteastas i Léann na Diagachta agus an Chreidimh* amach. San am céanna bhain seisear mac léinn *Teastas i Léann na Diagachta agus an Chreidimh* amach agus fuair 18 mac léinn eile ó ghrúpa Iarthair an Chláir teastais do mhodúl Bunchúrsa sa Mhinistreacht Thréadach a rinne siad le déanaí i gCill Rois mar chuid de chlár for-rochtana paróiste NOSTRA.

## DEIREADH FÓMHAIR 2011



Reáchtáil Roinn na Gearmáinise i gColáiste Mhuire gan Smál Comhdháil Chumann na Múinteoirí Gearmáinise Tríú Leibhéal in Éirinn. Dhírigh an chomhdháil ar an litríocht thraschultúrtha/thrasnáisiúnta agus san Ilteangachas, agus is é Ambasadóir na hEilvéise, a Oirirceas Beat Loeliger, a d'oscail an chomhdháil. San áireamh sa chlár thug an an Dr. Carmel Finnan (Coláiste Mhuire gan Smál) réamheolas maidir leis an litríocht thraschultúrtha san Eilvéis sa lá atá inniu ann, bhí sliocht ann a thug an scríbhneoir aitheanta Románach-Eilvéiseach, Catalin Dorian Florescu, bhí caint ar an ilteangachas san Eilvéis agus an bhaint atá aige seo le hÉirinn, a thug an tOllamh Christine le Pape Racine (Fachhochschule Nordwestschweiz), agus bhí comhphlé ann ag díriú ar na Múnlaí Nua do na Nuatheangacha in Oideachas na hÉireann, agus tháinig aíonna ó na hearnálacha bunscoile, iarbhunscoile agus tríú leibhéal i gcúrsaí Oideachais na hÉireann.

Chríochnaigh an chomhdháil le seoladh leabhair agus fáiltiú fíona a agus is iad Ambasadóir na hEilvéise agus Ambasadóir na Gearmáine, a Oirirceas an Dr. Eckhard Lübkemeier, a rinne óstáil air.

## SAMHAIN 2011



Lainseáil an tAire Stáit um Oiliúint agus Scileanna, Ciarán Cannon T.D. leabhar nua spreagúil agus cuimsitheach do mhúinteoirí, dar teideal STRANDS i gColáiste Mhuire gan Smál. Sa leabhar STRANDS tá eolas faoi mhodhanna agus cur chuigí maidir le bheith in ann oibriú le leanaí a bhfuil míchumais foghlama ghinearálta acu agus a bhfuil an siondróm Down acu. Agus é an chéad cheann dá leithéid in Éirinn, is leabhar cuimsitheach é STRANDS ina bhfuil stór mór eolais a d'fhorbair an Roinn Oideachais Speisialta i gColáiste Mhuire gan Smál.


## **SAMHAIN** 2011 AR LEAN



An tOllamh Michael A Hayes sa ghrianghraf le Mr. Jimmy Deenihan T.D., an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus leis an ealaíontóir áitiúil David Lilburn ag an lainseáil oifigiúil de Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach.



Cainteoirí ón gcomhdháil 'Anailís Chriticiúil ar na Comhpháirtíochtaí Oideachais Thuaidh -Theas sna Comhthéacsanna Forbartha'.



Sa ghrianghraf tá an Dr. John McDonagh, Ambasadóir na Polainne, a Oirirceas Marcin Nawrot, Uachtarán Choláiste Mhuire gan Smál an tOllamh Michael A Hayes agus an Dr. Sabine Egger ag lainseáil an leabhair Polish-Irish Encounters in the Old and New Europe.

Bhí Mr. Jimmy Deenihan, T.D. an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i láthair i gColáiste Mhuire gan Smál chun Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon a lainseáil go hoifigiúil sa Choláiste.

Bhí comhdháil náisiúnta faoin ábhar "Anailís Chriticiúil ar na Comhpháirtíochtaí Oideachais Thuaidh-Theas sna Comhthéacsanna Forbartha"ar siúl Dé Céadaoin 30 Samhain.

Thug Ambasadóir na Polainne, a Oirirceas Marcin Nawrot, cuairt ar Choláiste Mhuire gan Smál chun leabhar a lainseáil, dar teideal Polish-Irish Encounters in the Old and New Europe, a chuir léachtóirí Choláiste Mhuire gan Smál an Dr. Sabine Egger agus an Dr. John McDonagh in eagar. Sna haistí in Polish-Irish Encounters in the Old and New Europe, déantar trácht ar na snáitheanna tábhachtacha a cheanglaíonn an dá thír le chéile, an litríocht, na meáin amhairc, an pholaitíocht, an stair agus an t-oideachas ina measc. Agus scrúdú á dhéanamh ar an gcaidreamh Polannach-Éireannach i gcomhthéacs stairiúil agus cultúrtha níos leithne cuirtear san áireamh sainmhínithe nua d'fhéiniúlachtaí Éireannacha, Polannacha agus Eorpacha san Eoraip sa lá atá inniu ann. Agus é thar a bheith tábhachtach mar gheall ar na dúshláin agus na deiseanna atá i ndán d'Éirinn ilchultúrtha tar éis dheireadh an Tíogair Cheiltigh, tugann an leabhar seo peirspictíochtaí nua maidir le caidreamh traschultúrtha substaintiúil agus spleodrach.

Bhí Laura McInerney, mac léinn BA ECCE i gColáiste Mhuire gan Smál, mar dhuine den deichniúr a fuair stróc agus a mhair. Ceiliúradh a misneach ag na Gradaim Stróc Fhoras Croí na hÉireann.

## **NOLLAIG** 2011



D'fhógair an Roinn Oideachais Ealaíon agus Corpoideachais i gColáiste Mhuire Gan Smál, an clár nua spreagúil iarchéime i gcúrsaí oideachais agus sna dána: META (MA san Oideachas agus sna dána).

## **EANÁIR** 2012



Reáchtáil Coláiste Mhuire gan Smál agus Seirbhís Oideachais Aosaigh Chathair Luimnigh an chéad chruinniú do thionscadal Eorpach maidir leis an aitheantas réamhfhoghlama (RPL) sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint (VET).

D'fhan naoi mac léinn déag ón gColáiste Oideachais in Ollscoil Stát California, Long Beach, i gColáiste Mhuire gan Smál i Luimneach ar feadh coicíse mar chuid de thuras staidéir ar Éirinn.

## EANÁIR 2012 AR LEAN



Sa chéad óráid a thug sé, labhair Uachtarán nua Choláiste Mhuire gan Smál, an tOllamh Michael A Hayes faoi na ballaí teorann a íslíodh le déanaí atá mar chomhartha den fhonn atá ann a bheith rannpháirteach sa phobal agus a bheith le feiceáil arís i gcroílár na cathrach.

## FEABHRA 2012









Bhí comhdháil Geoiméadrachta Ailgéabraí ar siúl agus bhí cainteoirí as Éirinn agus thar lear i láthair.

Tugadh aitheantas do na réaltaí a bheidh ann amach anseo i spórt óige na hÉireann i gColáiste Mhuire gan Smál agus bronnadh Duais-sparántachtaí an CLG ar thriúr déag mac léinn an-chumasach.

Bhí Deireadh Seachtaine Kate O'Brien ar siúl i Luimneach ón 24 Feabhra go dtí an 26 Feabhra 2012 san Ionad Ealaíon Belltable agus bhí na himeachtaí ar an lá deiridh ar siúl san Amharclann úrscothach Lime Tree i gColáiste Mhuire gan Smál.

Dé Céadaoin an 15 Feabhra, bhuail páistí mhic léinn Choláiste Mhuire gan Smál lena dtuismitheoirí sa champas le páirt a ghlacadh sa chéad cheardlann briseadh lár téarma riamh a d'eagraigh Aontas Mic Léinn Choláiste Mhuire gan Smál i gcomhar le MISPACE.

Tháinig líonra trasdisciplíneach de scoláirí le chéile a bhí comhdhéanta d'eolaithe, géineolaithe, staraithe, teangeolaithe seandálaíochta agus saineolaithe cnámh chun iniúchadh a dhéanamh ar dhaonra chathracha Lochlannacha na hÉireann agus a gcúlchríoch.

Osclaíodh an Seomra Caidrimh, áit nua atá i bhFoirgneamh na Leabharlainne, go hoifigiúil agus tá sé in úsáid mar seomra cruinnithe, seomra ranga, áit le haghaidh caitheamh aimsire/ le scíth a ligean do gach duine a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge agus sa chultúr sa Choláiste.

## MÁRTA 2012

Bhí Féile Luimnigh um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil ar siúl ón 26 Márta go dtí an 1 Aibreán 2012. Bhí os cionn 140 imeacht ar siúl ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh. Reáchtáil Coláiste Mhuire gan Smál Oíche Eolais do Mhic Léinn Lánfhásta ar an Luan 26 Márta mar chuid den fhéile seo.

Is eagraíocht neamhbhrabúis í Seachtain na Gaeilge, a chuireann úsáid na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh chun cinn anseo in Éirinn agus thar lear mar chuid d'fhéile choicíse a ritear i mí an Mhárta gach uile bhliain. Beidh Seachtain na Gaeilge á ceiliúradh i gColáiste Mhuire gan Smál ón 12 – 15 Márta 2012.

## **MÁRTA** 2012 AR LEAN









Education and Culture DG
Lifelong Learning Programme



Baill den fhoireann Dioplóma Iarchéime ó Choláiste Mhuire gan Smál, sa ghrianghraf in éineacht le comhghleacaithe ó thíortha eile ag cruinniú tionscadail Eorpaigh a bhí ar siúl in Osló i mí an Mhárta 2012.

Lainseáil Jan O'Sullivan go hoifigiúil tuarascáil Choiste Seirbhísí Leanaí Chathair Luimnigh, "Conas atá ár Leanaí? Taithí agus Riachtanais Leanaí agus Teaghlach i gCathair Luimnigh, agus Béim ar Leith ar Cheantair Athnuachana Luimnigh" ar an 5 Márta, 2012 i bPáirc Thuamhan.


Léirigh Cumann Drámaíochta Choláiste Mhuire gan Smál (MIDAS) an ceoldráma rathúil Grease. Ba é an léiriú seo an chéad léiriú oifigiúil de chuid an Choláiste san Amharclann úrscothach Lime Tree i gColáiste Mhuire gan Smál.

Bhí an Chomhdháil 'I dTreo na Comhthuisceana' ar siúl Dé hAoine 23 Márta i gColáiste Mhuire gan Smál. Is iad na scoláirí atá ardmholta go hidirnáisiúnta, an tOllamh Gavin D'Costa, an tOllamh Marie Parker Jenkins, agus an Dr. Anne Looney a thug na heochairóráidí ag an gcomhdháil.

I mí an Mhárta bhain 67 mac léinn B.Ed de Choláiste Mhuire gan Smál Teastas Rannpháirtíochta amach i Liotúirge na Leanaí i searmanas a bhí ar siúl i gColáiste San Cléimeans agus is é an tOirmhinneach Tony Mullins a bhronn na teastais orthu.
Chuir Coláiste Mhuire gan Smál fáilte roimh 80 toscaire ó áiteanna ar fud an domhain chuig an 10ú Comhdháil Bhliantúil den Chumann Dix-Neuviemistes (SDN), cumann léannta de shaineolaithe idirnáisiúnta ar Léann Fraincise an naoú haois déag atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe.

Bhí an chéad chruinniú de thionscadal Eorpach atá á chomhordú ag Coláiste Mhuire gan Smál ar siúl i gColáiste Mhuire gan Smál i mí Eanáir 2012. Is comhpháirtíocht Leonardo da Vinci é an t-aitheantas réamhfhoghlama sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (RIPLVET) a fhaigheann maoiniú faoin gClár Eorpach um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil. Ceann amháin de na torthaí ón tionscadal is ea tuarascáil ar an dea-chleachtas san aitheantas agus bailíochtú den fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil i ngairmoideachas an mhúinteora. Ba iad seo a leanas na cúig institiúid eile a bhí rannpháirteach ann: Coiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh, Ollscoil Stirling, Coláiste Ollscoile Eolaíochtaí Feidhmeacha Osló agus Akershus, FLORIFORM-Formation Fleuriste, an Fhrainc agus Ollscoil Gazi, an Tuirc. Ón gcéad chruinniú bhí cruinnithe eile ar siúl i dtíortha comhpháirtíochta, agus tá comhdháil scaipeadh eolais beartaithe do mhí an Mheithimh 2013, a bheidh á reáchtáil ag Coláiste Mhuire Gan Smál i gcomhar le Coiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh. Tá tábhacht ar leith leis an tionscadal d'obair an Choláiste i ngairmoideachas an mhúinteora agus go háirithe don Dioplóma Iarchéime san Oideachas Aosach agus sa Bhreisoideachas.

## **AIBREÁN** 2012



Sarah Ellen Murphy (Alt), Céimí de Choláiste Mhuire gan Smál

Léirigh Cumann Córúil Choláiste Mhuire gan Smál agus Seinnteoirí Barócacha Luimnigh Theresienmesse de chuid Haydn in Ardeaglais Mhuire, Luimneach Dé Domhnaigh 1 Aibreán 2012. Na hamhránaithe aonair ba ea Carmel Conway (soprán), Sarah Ellen Murphy (alt), Lawrence Thackeray (teanór) agus Owen Gilhooly (dord) agus is é an Dr. Michael Murphy a stiúir an cheolchoirm.

## AIBREÁN 2012 AR LEAN



An tOllamh Michael Hayes, Uachtarán, Coláiste Mhuire gan Smál









Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, 37 ball ar an gComhairle Mhúinteoireachta, an tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán Choláiste Mhuire gan Smál, san áireamh. Tá na daoine atá ceaptha le feidhmiú mar stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin den Chomhairle le linn na gceithre bliana dá dtréimhse oifige.

Bronnadh Fondúireacht Choláiste Mhuire gan Smál – Gradam um Barr Feabhais ag searmanas bronnta a bhí ar siúl in TARA, Coláiste Mhuire gan Smál.

Bhuaigh Cumann Domhan Amháin d'Aontas Mic Léinn Choláiste Mhuire gan Smál (MISU) an gradam náisiúnta dá n-ionchur saoránaigh ag Gradaim Bhord Chumann Coláistí na hÉireann (BICS) ag an deireadh seachtaine.

Chuir Oideachas Ceoil na hÉireann (IME) in éineacht le Cumann Chóir na hÉireann (AOIC) sraith ceardlann ar siúl ar feadh lá amháin Dé Sathairn 21 Aibreán do cheannaire oideachais cheoil i gColáiste Mhuire gan Smál.

Rinne Coláiste Mhuire gan Smál bás duine dá nIontaobhaithe agus gobharnóirí ab fhaide a bhí ag fónamh, Richard B. Haslam, a chomóradh. Fuair sé bás ar an 8 Aibreán, 2012, ag 86 bliana d'aois.

Ag Searmanas Gradam Réigiúnach bliantúil Chuibhreannas Shionainne 'Barr Feabhais sa Teagasc Ardoideachais' in Ollscoil Luimnigh, bronnadh onóir ar bheirt bhall de Dhámh Choláiste Mhuire gan Smál mar gheall ar a mbarr feabhais sa Teagasc agus san Fhoghlaim.

Bronnadh Gradam Barr Feabhais d'Institiúid Bitheolaíochta na hÉireann ar mhac léinn atá sa chéad bhliain den BEd san Oideachas & sa tSíceolaíocht, Grace Cardiff mar aitheantas ar conas a d'fheidhmigh sí ina páipéar Bitheolaíochta Ardteistiméireachta. Reáchtáladh ceardlanna Eolaíochta do mhúinteoirí bunscoile dar teideal: Ach Cén Fáth? Cén Fáth? Cén Fáth i dtrí chontae éagsúla ar fud na hÉireann le linn mhí Aibreáin 2012. Bhí na ceardlanna curtha le chéile agus curtha i láthair ag an Dr. Maeve Liston, Léachtóir san Oideachas Eolaíochta, Coláiste Mhuire gan Smál. Rinne an Chomhpháirtíocht Ghael-Mheiriceánach i mBostún urraíocht ar na ceardlanna chun tacú le gníomhaíochtaí eolaíochta atá á reáchtáil ag Coláiste Mhuire gan Smál.

Bhronn an tAire Michael Noonan teastas buíochais ar an Dr Loïc Guyon (Ceann Léann na Fraincise) thar ceann Comhdháil & Biúró Spóirt Shionainne agus Forbairt Shionainne.

## BEALTAINE 2012



Roghnaíodh rannpháirtithe i dtionscadal ina bhfacthas daltaí as Bunscoil na Trócaire, Tobar Mhaigh Dor i dTrá Lí agus idirbheartaíocht ar bun acu leis na siopadóirí chun smacht a choinneáil ar chostais a ngnó i gClár an Fhiontraí Óig, mar bhuaiteoirí na nGradam in 2012.

## BEALTAINE 2012 AR LEAN






Chuir an tSeirbhís um Chur Chun Cinn na Sláinte i gColáiste Mhuire gan Smál le tacaíocht ón bhFeachtas Think Big de chuid an O2 agus Headstrong, an Lárionad Náisiúnta um Meabhairshláinte na hÓige, bealach nuálach agus praiticiúil ar fáil chun tacú leis na mic léinn uile i gColáiste Mhuire gan Smál ag déanamh scrúduithe.

D'fhógair Roinn Léann na Diagachta agus an Chreidimh an MA sa Cheannaireacht Chríostaí i gCúrsaí Oideachais.

Fuair an Dr. Patricia Kieran maoiniú ó Chomhairle Idirnáisiúnta na nOllscoileanna de Saint Thomas Aquínas (ICUSTA) chun taighde a dhéanamh mar chuid de chlár malairte idirnáisiúnta.

Chríochnaigh cúig mhac léinn déag clár an Teastais um Maireachtáil Chomhaimseartha i gColáiste Mhuire gan Smál. Ag an searmanas bronnta ceiliúradh an bhliain iomlán oibre a chuir na mic léinn ar an gcúrsa i gcrích.

Lainseáil an tOllamh John Coolahan leabhar nua c huir an Dr. Thomas Grenham agus an Dr. Patricia Kieran in eagar dar teideal 'New Educational Horizons in Contemporary Ireland: Trends and Challenges' (2012). Sa leabhar seo, a d'fhoilsigh Peter Lang, tá caibidlí ann a scríobh roinnt d'fhoireann Choláiste Mhuire gan Smál.

## MEITHEAMH 2012


Eda Segarra – an t-eochairchainteoir


COMHDHÁIL IARCHÉIME, MEITHEAMH 2012

Is é an pobal iarchéimithe a chuir an chéad chomhdháil Iarchéime Bhliantúil de chuid Luimnigh "Taispeántas an Taighde Iarchéime i Luimneach" chun cinn agus bhí sé mar aidhm líonra tacaíochta a chur ar fáil agus a fhorbairt tuilleadh do dhaonra na n-iarchéimithe i Luimneach, agus chun a gcuid oibre a chur i láthair i dtimpeallacht piarghrúpa. Is í Ciara Younge, Mac Léinn MA i Roinn na Tíreolaíochta i gColáiste Mhuire gan Smál, a rinne an comhdháil a phleanáil agus a chomhordú agus reáchtáladh é san fhoirgneamh nua TARA ar an 13 Meitheamh 2012. Ba é an tOllamh Emeritus Eda Segarra, iar-Sheansailéir Choláiste na Tríonóide a thug an eochairóráid. Tugadh cuireadh le haghaidh páipéar agus póstaer ó na réimsí éagsúla taighde seo a leanas: Na hEolaíochtaí Sóisialta agus na Daonnachtaí, Gnó agus Eacnamaíocht, Teagasc agus Oideachas, agus Teicneolaíocht, na Meáin agus Eolaíocht.

## IÚIL 2012

I mí Iúil 2012, d'fhógair an tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán Choláiste Mhuire gan Smál, Scoláireachtaí Iarchéime an Uachtaráin chun tacú le fís Choláiste Mhuire gan Smál chun mic léinn fhiúntacha a chur ar a gcumas chun deiseanna foghlama ardleibhéil agus taighde den scoth a chur i gcrích le linn na tréimhse seo nuair atá athruithe, athbheochan agus athchóiriú in oideachas na hÉireann nach raibh ann cheana. Bronnadh na scoláireachtaí seo ar na mic léinn sin a bhain amach Onóracha den Chéad Ghrád ina bhFochéim agus do mhic léinn a bhain amach Onóracha den Chéad Ghrád sa Dioplóma Iarchéime san Oideachas – Bunmhúinteoireacht, agus dá bhrí sin deis á cur ar fáil do na mic léinn sin chun staidéar iarchéime a dhéanamh ag leibhéal an Dioplóma Iarchéime, na Máistreachta Múinte nó na Máistreachta Taighde sa Choláiste, agus laghdú athnuachana bliantúil de €1,500 sna táillí do thréimhse ghnáthchlárú na gclár sin. Chomh maith leis sin, fuair na mic léinn sin a bhí sa chéad áit ar a gclár staidéir laghdú athnuachana bliantúil de €3,000 i dtáillí.

## IÚIL 2012 AR LEAN



Bhí an 7ú hInstitiúid Idirnáisiúnta um Dhrámaíocht i dTaighde an Oideachais (IDiERI 7) ar siúl i gColáiste Mhuire gan Smál ó Dé Máirt 10 Iúil go dtí Dé Domhnaigh 16 Iúil.

Chuir an tOllamh Michael Hayes, Uachtarán an Choláiste, fáilte roimh thoscairí chuig an Amharclann álainn Lime Tree de chuid Choláiste Mhuire gan Smál áit ar reáchtáil Coláiste Mhuire gan Smál an 7ú hInstitiúid Idirnáisiúnta um Dhrámaíocht i dTaighde an Oideachais (IDiERI 7) ó Dé Máirt 10 Iúil go dtí Dé Domhnaigh 16 Iúil.

Dúirt an tOllamh Hayes: "Is rud iontach é comhdháil de chaighdeán an IDiERI 7 a fheiceáil á reáchtáil anseo in TARA, ár bhfoirgneamh teagaisc nua, áit a bhfuil ár nAmharclann úrnua atá saintógtha agus ina bhfuil 510 suíochán agus an trealamh ar fad atá de dhíth. Cuireann an Amharclann go mór le cúrsaí Drámaíochta sa Choláiste, go háirithe leis an Oideachas Drámaíochta atá á chur ar fáil mar shainchúrsa den chéad uair mar chuid den chlár BEd nua athchoincheaptha agus "an Mháistreacht nua san Oideachas agus sna Dána" ácur ar fáil den chéad uair sa chéad seimeastar eile. Cuireann sé seo go mór le Pobal an Choláiste i gcoitinne agus le Cathair Luimnigh, a bheidh mar an chéad Chathair Chultúrtha Náisiúnta de chuid na hÉireann in 2014."

D'fhreastail os cionn 220 toscaire as níos mó ná 30 tír ar an gcomhdháil seo a mhair 6 lá. Bhí na himeachtaí IDiERI 7 ar fad ar siúl san fhoirgneamh TARA úrscothach i gColáiste Mhuire gan Smál.

## LÚNASA 2012




Ag eascairt as an gclár creidiúnaithe a bhí ar siúl i mí Feabhra 2012, bhronn an Chomhairle Mhúinteoireachta creidiúnú gairmiúil ar an Dioplóma Iarchéime san Oideachas Aosach agus sa Bhreisoideachais de chuid Choláiste Mhuire gan Smál. Tá an clár seo beartaithe do chéimithe a bhfuil i gceist acu múineadh san earnáil Oideachais Aosaigh agus san earnáil Bhreisoideachais (FE) agus do mhúinteoirí atá ag obair sa réimse seo cheana féin agus ar mian leo a gcleachtas gairmiúil a fhorbairt tuilleadh. Tá céimithe an chláir seo i dteideal iarratas a dhéanamh le clárú mar mhúinteoir anois leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun críche an teagaisc san earnáil FE. Tá clár sa réimse seo d'oideachas múinteoirí á chur ar fáil ag an gColáiste ón mbliain 2000 agus rinneadh leasuithe ar an Dioplóma Iarchéime in 2011 i gcomhréir le riachtanais nua na Comhairle Múinteoireachta . Le héifeacht ón 1 Aibreán 2013, ní mór go mbeadh cáilíocht oideachais mhúinteoirí breisoideachais atá faofa ag an gComhairle, chomh maith leis na riachtanais cáilíochta céime, a bheith bainte amach acu siúd a dhéanann iarratais le clárú don earnáil FE.



## FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH

### FGL DO MHÚINTEOIRÍ BUNSCOILE LE LINN AN TSAMHRAIDH

Cuireadh fiche a cúig cúrsa ar fáil i mí Iúil agus i mí Lúnasa 2011 do 344 múinteoir bunscoile ar an iomlán. Tháinig aiseolas dearfach ar ais arís i mbliana, agus thuairiscigh na múinteoirí go raibh go leor smaointe ag na múinteoirí ag eascairt as na cúrsaí chun triail a bhaint astu sa scoilbhliain nua. Cuireadh cúrsaí ar fáil i réimsí éagsúla lena n-áirítear an litearthacht, an léamhthuiscint, TFC chun tacú leis an litearthacht i measc leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, an tIdirlíon mar acmhainn, stair áitiúil, cláir bhána idirghníomhacha, an teagasc eolaíochta, an spioradáltacht, cluichí Gaelacha (ardchúrsa san áireamh), OSPS i gcomhthéacs Scoil a chuireann an tSláinte Chun Cinn. Mar chuid den ullmhúchán don BEd nua a mhaireann 4 bliana, cuireadh cúrsa ar fáil freisin chun cabhrú le múinteoirí a eagrú ina róil agus meantóireacht á déanamh acu ar na mic léinn nuair atá siad i socrúchán scoile. Cuireadh roinnt cúrsaí ar fáil trí thacaíocht a fháil ó ghníomhaireachtaí seachtracha ar nós an Cumann Lúthchleas Gael (CLG), an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE) agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

### BRONNTAR ONÓIR AR MHIC LÉINN CHOLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL AG OLLSCOIL STÁT FROSTBURG

Bhí cúis mhór ann le ceiliúradh a dhéanamh ag pobal Choláiste Mhuire gan Smál nuair a aimníodh beirt mhac léinn de na Saorealaíona sa Choláiste ar liosta an Déin in Ollscoil Stát Frostburg i Stáit Aontaithe Mheiriceá de bharr a n-éachtaí acadúla i seimeastar an Earraigh in 2012. Bhí an bheirt mhac léinn, Sinead Boyle as Trá Lí agus Nicola Sammon as Durlas, ag staidéar in Ollscoil Stát Frostburg mar chuid den chlár socrúcháin lasmuigh den champas a tharlaíonn sa tríú bliain den BA sna Saorealaíona i gColáiste Mhuire gan Smál. Leis an gclár seo tá mic léinn in ann cur lena gcuid eolais agus scileanna trí staidéar a dhéanamh thar lear agus/nó socrúcháin oibre. Tugann na mic léinn faoi socrúchán a mhaireann bliain amháin nó dhá shocrúchán de thréimhse seimeastair. Tá Sinead ag déanamh staidéir ar an nGaeilge agus ar Léann na Diagachta agus an Chreidimh dá céim BA agus chaith sí seimeastar an Fhómhair i socrúchán oibre i nGaelscoil Mhic Easmainn i dTrá Lí, Co. Chiarraí. Is mac léinn sa Ghaeilge agus sa Stair í Nicola agus chaith sí seimeastar an Fhómhair i nGaelscoil Bhrís i nDurlas, Co. Thiobraid Árann. Roghnaigh an bheirt mhac léinn freastal ar Ollscoil Stát Frostburg (FSU) do Sheimeastar an Earraigh. Is ollscoil réigiúnach chónaithe agus chuimisitheach atá in FSU agus is lárionad oideachais agus cultúrtha é do Maryland Thiar i Stáit Aontaithe Mheiriceá.



Mic Léinn Choláiste Mhuire gan Smál Sinéad Boyle agus Nicola Sammon

### REÁCHTÁLANN OLLSCOIL CAMBRIDGE SIOMPÓISIAM IVACS CHOLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

Mary Immaculate College Limerick has set up a vibrant international research network connecting leading researchers and PhD students in the field of Corpus Linguistics. This inter-institutional network is conducted through the IVACS (Inter-Varietal Applied Corpus Studies) Research Centre. This year the IVACS annual research symposium was hosted by the Faculty of English at the University of Cambridge, with papers presented by researchers from Mary Immaculate College, University of Limerick, Newcastle University, University of Nottingham, Leeds Metropolitan University, University of Leeds and University of Cambridge. The network, which was formally established in 2002, has grown strategically so as to broaden its expertise base through links with other key corpus-based researchers and research centres, especially in the UK.



Margaret Healy, Coláiste Mhuire gan Smál, an Dr. Dawn Knight, Ollscoil Newcastle, Elaine Riordan, Ollscoil Hull agus an Dr. Anne O'Keeffe, Coláiste Mhuir gan Smál.

## DÁMHACHTAIN NÁISIÚNTA UM BARR FEABHAIS SA TEAGASC

Is í an Dr. Kathleen Horgan, léachtóir i gColáiste Mhuire gan Smál, a bhí mar dhuine den chúigear a fuair Dámhachtain Náisiúnta um Barr Feabhais sa Teagasc 2011 ag fáiltiú a reáchtáil an Roinn Oideachais agus Scileanna i mBaile Átha Cliath, Dé Luain 7 Samhain. Is é an tAcadamh Náisiúnta um Lánpháirtiú an Taighde, an Teagaisc agus na Foghlama (NAIRTL) a roghnaigh an Dr. Kathleen Horgan, atá i mbun an chláir mhicritheagaisc i nDámh an Oideachais i gColáiste Mhuire gan Smál, agus is í duine de chúigear amháin a fuair an dámhachtain mór le rá seo, a thugann onóir dóibh siúd ar múinteoirí sármhaithe agus taighdeoirí nuálacha iad san Ardoideachas in Éirinn. I mbliana fuair an tAcadamh Náisiúnta 36 ainmniúchán ó 17 nOllscoil agus Institiúid Ardoideachais, agus chuir siad ar fad iarrthóirí ar aghaidh don dámhachtain. D'ainmnigh Coláiste Mhuire gan Smál an Dr. Horgan, mar aitheantas don ról ríthábhachtach atá aici leis an mbarr feabhais a chothú agus a spreagadh sa teagasc, foghlaim agus scoláireacht laistigh agus lasmuigh den Choláiste.



An Dr. Kathleen Horgan leis an Aire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn T.D.

## CÚRSAÍ SPÓIRT I GCOLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

### ÉIRÍONN LE MIC LÉINN CHOLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL 10/10 A BHAINT AMACH SNA CLUICHÍ GAELACHA

Bhí bliain thar barr ag club na gCluichí Gaelacha i gColáiste Mhuire gan Smál in 2011/2012. D'éirigh leis na foirne a bhí ag imirt ar son Choláiste Mhuire gan Smál dul chuig 10 gcluiche ceannais agus bhuaigh siad gach ceann den 10 gcluiche ceannais.

Bhí bliain dochreidte ag Iománaithe na Chéad Bhliana i Coláiste Mhuire gan Smál. Bhuaigh siad na Cluichí Ceannais i gCraobhchomórtas Roinn a Dó agus sa tSraithchomórtas. Sa dá chluiche ceannais bhí an bua acu ar Ollscoil Uladh ag Baile Shiurdáin (UUJ). Bainistíocht na foirne ba ea Eamonn Cregan, Gearoid Power & Shane Nolan. Captaen na foirne ba ea Eanna Hogan, Tiobraid Árann.





Bhí an bua ag Peileadóirí na Chéad Bhliana i mbliana nuair a bhuaigh siad Craobhchomórtas Roinn a Dó, an tSraithchomóras agus Buanchorn Galtee House freisin a bhí eagraithe ag Bord Contae Luimnigh. Captaen na foirne ba ea Jamie Wall, Corcaigh agus is é iarpheileadóir Luimnigh Brian Begley a rinne an fhoireann a bhainistiú.

D'éirigh le peileadóirí na mban de chuid Choláiste Mhuire gan Smál dhá chluiche ceannais a bhuachan i mbliana trí Chorn Giles agus Sraithchomórtas Roinn a Dó a bhaint amach. Thaistil an fhoireann go Béal Feirste do dheireadh seachtaine Chorn Giles. Bhí an bua acu ar Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad tar éis am breise leis an gcorn a bhaint amach. Is iad Richard Bowles & Don Ryan a rinne an fhoireann a bhainistiú. Roghnaíodh an cúl báire Bríd Madigan as Luimneach agus captaen na foirne Niamh Ní Chaoimh ar fhoireann Shárimreoirí na Bliana don mhéid a rinne siad i rith an chomórtais.





Bhuaigh Foireann Camógaíochta Choláiste Mhuire gan Smál Corn Fr. Meachair agus Cluiche Ceannais Shraithchomórtas Roinn a Dó i mbliana. Is í Mairead Ryan, Luimneach a bhí mar an captaen foirne, agus bhí an bua acu ar Choláiste Phádraig, sa chluiche ceannais de Chorn Fr. Meachair a bhí ar siúl ar pháirceanna imeartha WIT. I gcluiche ceannais an tSraithchomórtais bhí an bua acu ar a gcomharsana Ollscoil Luimnigh. Is iad Eamon Cregan, Gearoid Power & Shane Nolan a bhí ag bainistiú na foirne.



Bhí an bua ag Foireann Shinsear Iománaíochta Choláiste Mhuire gan Smál ar IT Thrá Lí i gCluiche Ceannais Chorn Ryan. Bhí Shane O'Sullivan as Port Láirge mar chaptaen na foirne a bhí i gceannas le linn an chomórtais ar fad. Tá comhghairdeas ag dul le Conor Conney, Gaillimh & Seán Curran, Tiobraid Árann, ar éirigh leo foireann Sárimreoirí Sheaimpíní na Todhchaí de chuid an Irish Daily Mail a bhaint amach. Is iad Eamon Cregan & Gearoid Power a rinne an fhoireann a bhainistiú.





Sa ghrianghfraf ag bronnadh Chlub CLG Choláiste Mhuire gan Smál a bhí ar siúl i gColáiste Mhuire gan Smál ar an 05/04/2012 bhí: Sa líne chúil: Liam Shinnock, Leas-Uachtarán Chumann Pheil na mBan de Chúige Mumhan; Eamon Brown, Cathaoirleach Chomhairle Camógaíochta na Mumhan agus Shane Florish, Cathaoirleach Chumann Pheil na mBan de chuid Luimnigh. Sa líne sa lár: Liam Lenihan, Cathaoirleach Bhord Contae Luimnigh; An tOllamh Eugene Wall, Leas-Uachtarán Choláiste Mhuire gan Smál; Robert Frost, Leas-Chathaoirleach Chomhairle CLG na Mumhan agus Jamie Wall, Captaen Fhoireann Peile na Chéad Bhliana de chuid Choláiste Mhuire gan Smál. Sa líne tosaigh: Shane O'Sullivan, Captaen Fhoireann Sinsear Iománaíochta Choláiste Mhuire gan Smál; Mairead Ryan, Captaen Fhoireann Camógaíochta Choláiste Mhuire gan Smál; Niamh Ní Chaoimh, Captaen Fhoireann Peile na mBan de chuid Choláiste Mhuire gan Smál agus Eanna Hogan, Captaen Fhoireann Iománaíochta na Chéad Bhliana de chuid Choláiste Mhuire gan Smál.

## CORN COLLINGWOOD 2012

D'éirigh thar barr le Coláiste Mhuire gan Smál i gCorn Collingwood i mbliana. Ceapadh nach raibh seans dá laghad ag foireann an Choláiste agus níor éirigh leis riamh dul níos faide ná an chéad bhabhta. Ach i mbliana is é Coláiste Mhuire gan Smál a bhuaigh an Corn.




## OIDEACHAS CÓITSEÁLAITHE CLG I GCOLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

Bhí Cúrsaí Cóitseála na gCluichí Gaelacha do Mhic Léinn ar siúl ar bhonn leanúnach i rith 2011/2012. Bhí na Bunchúrsaí Dámhachtana, an leibhéal tosaigh, ar siúl i mí Dheireadh Fómhair, mí na Samhna, mí an Mhárta agus mí na Bealtaine. Bhí cúrsaí Dhámhachtain 1, do chóitseálaithe a bhfuil taithí acu, ar siúl i mí Eanáir agus i mí na Bealtaine. In éineacht leis na cúrsaí seo bhí sraith ceardlann um Chosaint Leanaí i gcúrsaí Spóirt a bhí ar siúl i mí Feabhra agus i mí na Bealtaine. D'fhreastail beagnach 200 mac léinn ar na cúrsaí a léiríonn tiomantas ár n-ábhair múinteoirí agus cóitseálaitheleis an gcleachtas is fearr a sholáthar agus Cluichí Gaelacha á gcóitseáil acu i scoileanna agus clubanna. Is é an CLG a chuir na cúrsaí ar fáil agus i measc na dteagascóirí bhí Richard Bowles, Joe Redington (Coláiste Mhuire gan Smál) , Paudie Butler (Oifigeach Iománaíochta Náisiúnta), Pat Culhane (CLG na Mumhan), Noel Hartigan, Ger Downes, Sean Herbert, James Ryan, Paul Finn (CLG Luimnigh). Tá an tOideachas Cóitseálaithe mar chuid de na Cúrsaí Samhraidh do Mhúinteoirí freisin i gColáiste Mhuire gan Smál agus tá dhá Chúrsa Oideachais Cóitseálaithe den CLG ar fáil do mhúinteoirí. Is iad Richard Bowles agus Joe Redington ó Choláiste Mhuire gan Smál a dhéanann iad seo a chomhordú.



Mic léinn ag freastal ar Bunchúrsa Dámhachtana Cóitseála in Tailteann i gColáiste Mhuire gan Smál

# IONTRÁLAI THE NUA

## AR BHARR AN TÁBLA Ó THAOBH ROGHA NA MAC LÉINN

Lean Coláiste Mhuire gan Smál ag mealladh na mac léinn is fearr in Éirinn ar a cheithre chlár fochéime san Oideachas agus sna Saorealaíona, agus ina measc bhí líon mac léinn a a fuair 600 pointe nó níos mó. I mbliana arís bhí an Coláiste in ann iad siúd ar mian leo staidéar a dhéanamh ar an Oideachas a mhealladh, agus d'fhan na pointí CAO do chláir bhunmhúinteoireachta an Choláiste ag 470 pointe, (430 d'iarratasóirí Gaeltachta), a bhí i measc na roghanna a bhfuil an tóir is mó orthu sa tír. Arís i mbliana, chonacthas ardú suntasach sna pointí don Bhaitsiléir Oideachais san Oideachas agus sa tSíceolaíocht, an t-aon chúrsa dá leithéid sa tír, atá anois ag 555 pointe (roghnú randamach).



## DÉANANN MIC LÉINN B ED MACHNAMH AR AN GCAIDREAMH IDIR AN EALAÍN AGUS AN EOLAÍOCHT I 'HALLA NA SCÁTHÁN'

Chonaic mic léinn na nAmharc-Ealaíon ar chlár BEd Choláiste Mhuire gan Smál torthaí dochreidte ón obair taighde a rinne siad nuair a osclaíodh an taispeántas 'Halla na Scáthán' i nGailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh a bhí ar siúl sa Samhradh in 2012.



Is comhthionscadal mór Ealaíne/Eolaíochta é Halla na Scáthán a forbraíodh go speisialta le haghaidh taispeántais i gcomhthéacs Bhaile Átha Cliath – Cathair na hEolaíochta 2012, a bhí ar siúl ag an am céanna le Fóram Oscailte Eolaíochta na hEorpa a bhí ar siúl i gCathair Bhaile Átha Cliath i mí Iúil 2012. Is é a bhí sa taispeántas ná sraith taispeántán idirghníomhacha nua i dtaobh eolais ar thaighde eolaíochta faoin aireachtáil amhairc agus rianú gluaiseachta.

Thug na healaíontóirí Anne Cleary agus Denis Connolly cuireadh d'fhoireann Oideachais sna hAmharc-Ealaíona i gColáiste Mhuire gan Smál obair a dhéanamh ar an ngné oideachasúil den taispeántas agus mar thoradh air seo bhí Halla na Scáthán mar fhócas Chúrsa Roghnach an Oideachais sna hAmharc-ealaíona in 2012. Sa chúrsa roghnach, d'fhiosraigh agus d'aithin na mic léinn BEd an t-idirghaol idir an Ealaín agus an Eolaíocht, agus conas a thrasnaíonn na réimsí a chéile agus conas a bhíonn tionchar acu ar a chéile. Rinne an tionscadal iarracht bealaí nua a sholáthar le hobair a dhéanamh, de réir mar a bhíonn mic léinn rannpháirteach ar bhealach níos cognaíche leis an déanamh ealaíne agus an próiseas smaointeoireachta, agus chuir sé deiseanna



ar fáil do mhic léinn le páirt níos gníomhaí a ghlacadh sa phróiseas ealaíonta. Chuaigh na mic léinn BEd i mbun choincheapa an taispeántais agus d'fhreagair siad dóibh, agus chuir siad leabhair nótaí amhairc lán de thaiscéalta agus den chruthaitheacht a dhírigh ar fhreagraí pearsanta féin na mac léinn don taispeántas, agus dá réir sin bhí siad in ann smaointe nuálacha agus spraíúla a fhorbairt agus ag an am céanna an tsamhlaíocht agus fiosrú a chur chun cinn ar conas teagasc agus foghlaim a dhéanamh trí an ealaín agus an eolaíocht.



Bhí foireann na n-ealaíontóirí agus na nAmharc-Ealaíon ag iarraidh go nglacfadh na mic léinn páirt ghníomhach sa tionscadal. Bhí sé i gceist dá mbeadh na mic léinn gafa ar fad ag déanamh ealaíne agus sna heispéiris agus dá mbainfidís muinín amach agus iad ag obair le healaín chomhaimseartha go mbeadh tionchar aige seo ní hamháin ar an mac léinn, ach go rachadh sé i bhfeidhm ar leanaí sna glúnta atá le teacht.

Ag caint faoin taispeántas, dúirt Anne-Marie Morrin, Léachtóir sna hAmharc-Ealaíona i gColáiste Mhuire gan Smál, "Tá áthas ar fhoireann na nAmharc-Ealaíon gur cuireadh freagraí na mac léinn i dtaispeántas Halla na Scáthán ar taispeáint in aice le hEalaíontóirí agus Eolaithe idirnáisiúnta. Mar thoradh ar an obair dhian a rinne siad agus an tiomantas a bhí acu don chúrsa roghnach d'eascair rud thar na bearta as – deis iontach a bhí ann dóibh a smaointe agus cuimhní a chur ar taispeáint i suíomh mór le rá, Gailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh."

## NAISC IDIRNÁISIÚNTA

**Shínigh Coláiste Mhuire gan Smál comhaontú le hOllscoil DeSales in Center Valley, PA, Stáit Aontaithe Mheiriceá.** Leis an gcomhpháirtíocht nua seo, chomhaontaigh an dá institiúid mic léinn a mhalartú gach seimeastar le haghaidh clár chun staidéar a dhéanamh thar lear, agus breathnóidh siad ar an deis chun malartú dámh agus malartú foirne a dhéanamh amach anseo. Tá an-chosúlacht idir éiteas na hOllscoile agus an ceann atá ag Coláiste Mhuire gan Smál, ó thaobh tacaíocht a thabhairt do mhic léinn agus iad i mbun turas i dtimpeallacht ina bhfuil saoirse intleachtúil agus dínit. Taitneoidh sé go mór le mic léinn de Bhaitsiléir Dán Choláiste Mhuire gan Smál staidéar a dhéanamh in DeSales, agus cinneadh á dhéanamh acu cén áit le dul ar shocrúcháin lasmuigh den champas. Leis an gclár socrúcháin lasmuigh den champas, a bhíonn ar siúl sa tríú bliain den BA sna Saorealaíona i gColáiste Mhuire gan Smál, bíonn na mic léinn in ann cur lena gcuid eolais agus scileanna trí staidéar a dhéanamh thar lear agus/nó trí shocrúcháin oibre. Déanann na mic léinn socrúchán amháin ar feadh nab liana nó dhá shocrúchán ar feadh tréimhsí seimeastair.

### SHÍNIGH COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL COMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA NUA LE HOLLSCOIL SACRED HEART

Shínigh Coláiste Mhuire gan Smál comhaontú le hOllscoil Sacred Heart in Fairfield, Connecticut, Stáit Aontaithe Mheiriceá. Leis an gcomhpháirtíocht nua seo, chomhaontaigh an dá institiúid mic léinn a mhalartú gach seimeastar le haghaidh clár chun staidéar a dhéanamh thar lear, agus breathnóidh siad ar an deis chun malartú dámh agus malartú foirne a dhéanamh amach anseo. Is í Ollscoil Sacred Heart an dara hOllscoil Chaitliceach is mó in New England. Cuireann sí oideachas cuimsitheach praiticiúil atá bunaithe ar na saorealaíona agus an traidisiún intleachtúil Caitliceach. Tá an-chosúlacht idir éiteas na hOllscoile agus an ceann atá ag Coláiste Mhuire gan Smál, ó thaobh an tsar-smaointeoireacht, tograí nuálacha, pobal tacaíochta agus creideamh láidir san éagsúlacht, éagsúlacht reiligiúnach san áireamh, a spreagadh ar fud an champais. Is iad na réimsí sainleasa don dá institiúid ná an Diagacht, an Léann Reiligiúnach, agus an tOideachas.




An Dr. Seamus Carey, Déan Choláistí na nEalaíon agus na nEolaíochtaí in Ollscoil Sacred Heart University agus an tOllamh Michael A Hayes, Uachtarán Choláiste Mhuire gan Smál


## FORBAIRT GHAIRMIÚIL

Mar thoradh ar iarratas rathúil a dhéanamh chun maoiniú a fháil a bhí comhordaithe ag Oifig Taighde Choláiste Mhuire gan Smál chuig SCoTENS (An Bhuanchomhdháil ar an Oideachas Múinteoirí Thuaidh agus Theas), bhí comhdháil faoin téama "Anailís Chriticiúil ar na Comhpháirtíochtaí Oideachais Thuaidh-Theas sna Comhthéacsanna Forbartha" ar siúl i gColáiste Mhuire gan Smál ar an 30 Samhain. Ag an gcomhdháil rinneadh measúnú agus meastóireacht ar chomhpháirtíochtaí agus breathnaíodh ar conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar chinntí pleanála agus beartais, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.




Sa ghrianghraf thuas tá an tAthair Bernard O'Connor, OSFS, Uachtarán Ollscoil DeSales, agus an tOllamh Michael A. Hayes, Uachtarán Choláiste Mhuire gan Smál.

I mí Aibreán 2012, d'fhoilsigh Cambridge University Press 'An Introduction to Medieval Theology' leis an Dr. Rik Van Nieuwenhove. Is é atá sa leabhar ná réamheolas ar na príomhchoincheapa diagachta de phríomhphearsana roghnaithe sa diagacht mheánaoiseach ó Augustine go Van Ruusbroec.




D'fhoilsigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann eagrán nua 'Reliques of Irish Poetry' le Charlotte Brook de chuid an Dr. Lesa Ní Mhunghaile, ina léiríonn sí aistriúcháin agus anailísí nua ar na dánta, amhráin agus scríbhinní eile i nGaeilge a d'aistrigh Charlotte Brook in 1789. Bhí an foilseachán seo mar cheann de na chéad naisc idir an béaloideas sa Ghaeilge agus an cultúr priontála in Éirinn agus tá tábhacht leis sa chomhthéacs leathan nuair a tháinig na huasaicmí ar chultúr an phobail agus ábhar suime san ársaíocht, nuair a ceapadh go raibh cultúr an phobail ag dul i léig. Agus an leabhar á lainseáil aige mhol an tOllamh Mícheál Mac Craith an t-imleabhar fíorálainn (ina bhfuil macasamhail den bhuntéacs ó 1789 a d'úsáid an chlófhoireann fhíorálainn 'Parker' nó 'Brooke' chun an fhilíocht Ghaeilge a chlóchur) agus an tseirbhís fhíorluachmhar a chuir Lesa ar fáil d'obair Charlotte Brooke agus a bhí ag iarraidh scrúdú léannta a dhéanamh air.







## GNÍOMHAÍOCHTAÍ EOLAÍOCHTA BUNSCOILE I gCOLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

Fuair an Dr. Maeve Liston urraíocht ó charthanacht Meiriceánach, an Chomhpháirtíocht Ghael-Mheiriceánach i mBostún chun tacú leis na gníomhaíochtaí eolaíochta atá á reáchtáil cheana féin i gColáiste Mhuire gan Smál. Baineadh úsáid as an maoiniú chun tacú leis na ceardlanna a sholáthar do mhúinteoirí bunscoile agus cúrsaí samhraidh san eolaíocht. Dhírigh na ceardlanna seo ar fhorbairt eolas eolaíochta agus scileanna próisis eolaíochta na múinteoirí atá de dhíth chun an siollabas eolaíochta bunscoile a theagasc. Aidhm na gceardlann ná múinín na múinteoirí a fhorbairt agus iad ag múineadh na heolaíochta trí thuiscint na múinteoirí maidir leis na príomhchoincheapa eolaíochta a láidriú trí ligean dóibh an deis a fháil le bheith rannpháirteach in ábhair iontais eolaíochta agus dul i mbun imscrúduithe agus gníomhaíochtaí eolaíochta ar bhonn fiosraithe. Baineadh úsáid as roinnt den mhaoiniú freisin chun airgead a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí eolaíochta do dhaltaí bunscoile as scoileanna timpeall Luimnigh le linn Sheachtain na hEolaíochta 2011 agus 2012.

## CEARDLANN EOLAÍOCHTA SA LEICTREACHAS

Bhí ceardlann eolaíochta do mhúinteoirí bunscoile a bhí ag glacadh páirte i dTionscadal Scoileanna Mhala ar siúl i gCill na Malach, Co. Chorcaí Dé Máirt 18 Deireadh Fómhair 2011. Is í an Dr. Maeve Liston, Léachtóir san Oideachas Eolaíochta, Coláiste Mhuire gan Smál, a leag amach an cheardlann agus a chuir i láthair í. Fuair an cheardlann urraíocht ón gComhpháirtíocht Ghael-Mheiriceánach i mBostún trí thacú le gníomhaíochtaí eolaíochta a bhíonn á reáchtáil ag Coláiste Mhuire gan Smál. Dhírigh an cheardlann ar fhorbairt eolas agus scileanna eolaíochta atá de dhíth chun aonad Leictreachais an tsiollabais eolaíochta bunscoile a theagasc.

Is iad seo a leanas cuspóirí na ceardlainne:

- Tuiscint na múinteoirí a láidriú maidir leis na coincheapa atá i gceist trí líon gníomhaíochtaí agus samplaí a thabhairt isteach atáthar in ann a úsáid sa seomra ranga.

- Scileanna próisis eolaíochta a fhorbairt trí theagasc an leictreachais.

- Cur chuigí agus modheolaíochtaí a thabhairt isteach chun forbairt a dhéanamh ar thuiscint agus míthuiscintí ar an ábhar faoi leictreachas.

- Muinín na múinteoirí a fhobairt chun comhtháthú eolaíochta na heolaíochta agus na matamaitice a theagasc.  Is é a bhí i gceist sna ceardlanna ná sonraí a bhailiú ó imscrúduithe eolaíochta ar bhonn fiosraithe.

D'éirigh thar cionn leis an gceardlann a mhair dhá uair an chloig agus d'fhreastail 30 múinteoir uirthi. Leis na ceardlanna idirghníomhacha cuireadh an dei s ar fáil do na rannpháirtithe du li mbun

imscrúduithe eolaíochta, dul i gcleachtadh ar na scileanna próisis eolaíochta agus taithí pearsanta a fháil orthu, imscrúduithe a dhéanamh agus an tástáil chothrom atá de dhíth leis an Eolaíocht Bunscoile a theagasc.

## SEIRBHÍSÍ DON PHOBAL

Ar an gcéad turas oifigiúil a thug sé ar Choláiste Mhuire gan Smál, thug an Méara Gerry McLoughlin faoi deara gur athraigh rudaí go mór ón am a chuaigh thart nuair nach raibh 'cead' agat dul ar thailte an champais.

Chuir Uachtarán an Choláiste, an tOllamh Michael A Hayes fáilte roimh an Méara agus thóg sé ar turas an champais é, ina raibh an foirgneamh TARA agus Aontas na Mac Léinn a bhí deartha go speisialta, na léachtlanna saintógtha, saoráidí ríomhaire forleathana agus teangalanna i gceist, chomh maith leis an Amharclann Lime Tree ina bhfuil 510 suíochán, a bheidh oscailte go hoifigiúil i mí Dheireadh Fómhair 2012, agus beidh clár iontach de léirithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a chuirfear ar stáitse sa chéad séasúr.

Tar éis na cuairte, dúirt an tOllamh Hayes, "Bhí lúcháir orm fáilte a chur roimh an Méara nua atá againn. Mar institiúid, tá an chaoi ina mbímid rannpháirteach leis an bpobal ag éirí níos tábhachtaí agus bhí gliondar croí orm leis na rudaí dearfacha a dúirt an Méara maidir lenár dtionscnaimh rochtana agus cuimsitheachta, atá deartha chun fáilte a chur roimh an bpobal i gcoitinne chuig ár gcampas."



Baineann an Méara McLoughlin sásamh as 'A Map' de chuid David Lilburn ar an bhfoirgneamh TARA i gColáiste Mhuire gan Smál

## SPREAGANN MIC LÉINN CHOLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL AN CHÉAD GHLÚIN EILE DE RÉALTAÍ CAMÓGAÍOCHTA AGUS PHEIL NA MBAN

Thug Coláiste Mhuire gan Smál cuireadh do 10 mbunscoil áitiúla chun freastal ar bhlitzchomórtas camógaíochta agus blitzchomórtas peile do chailíní i rang a trí agus i rang a ceathair. Is é a bhí sna blitzchomórtais ná 'Cluichí Seala', formáid neamhiomaíoch nuair a fhaigheann gach foireann an deis chun trí chluiche a imirt agus cóitseáil áirithe a fháil ach ní bhíonn aon scór i gceist agus is féidir ionadaithe a bhaint agus a chur isteach más mian leo.

Eagraíodh na blitzchomórtas i gcomhar le Deirdre Murphy (Oifigeach Forbartha Réigiúnach Camógaíochta), William Harmon agus Tara Ryan (Oifigigh Forbartha Réigiúnacha Pheil na mBan) agus Joe Redington (Oifigeach Forbartha Cluichí Gaelacha Choláiste Mhuire gan Smál). Ba iad seo a leanas na scoileanna a ghlac páirt sa bhlitzchomórtas camógaíochta: Scoil Náisiúnta na Toirbhirte do Chailíní; Scoil Náisiúnta Neasain; Scoil Náisiúnta Thobar Phádraig do Chailíní; Scoil Náisiúnta Phádraig do Chailíní; Scoil Mhóin an Lín; Scoil na Maighdine Muire, Banríon na Síochána; Scoil Náisiúnta Naomh Pól; An Mhodhscoil; Scoil Mhuire, Banríon na hÉireann, Cathair Dháibhín, agus Scoil Náisiúnta Bhaile an Bhrúnaigh. Agus, ba iad seo a leanas na scoileanna a bhí bainteach sa bhlitzchomórtas peile: Scoil Náisiúnta Chill an Iúir; Scoil Náisiúnta Bhaile an Bhrúnaigh; An Mhodhscoil; Scoil Náisiúnta Chnoc Aodha; Scoil Náisiúnta Phádraig do Chailíní; Scoil na Maighdine Muire Banríon na Síochána; Scoil Náisiúnta Áthán agus Scoil Náisiúnta Lios na Graí.



Deirdre Murphy, Regional Camogie Development Officer (back row, 1st on the left)with MIC student volunteers

Thréaslaigh an Dr. Michael Finneran, Ceann Roinn an Oideachais Ealaíon agus Chorpoideachais i gColáiste Mhuire gan Smál, iad siúd a bhí freagrach as na blitzchomórtais a eagrú, a rá, "Is tionscnamh thar barr é seo agus bealach den scoth chun taithí a chur ar fáil dár mic léinn agus do

na leanaí a bhíonn rannpháirteach, chomh maith leis an gcaidreamh idir an Coláiste agus na scoileanna áitiúla a neartú."

I mí Aibreán, d'eagraigh Aontas Mic Léinn Choláiste Mhuire gan Smál, i gcomhar le Nicola Hurley agus Eva Delaney an dara Tóraíocht Uibheacha Cásca bhliantúil do leanaí na dtuismitheoirí ar mic léinn iad agus i mbliana bhí ceardlann ealaíon agus ceardaíochta mar chuid de ghníomhaíochtaí an lae.

Lainseáil Nicola Hurley, Comhordaitheoir Mac Léinn-Tuismitheora Choláiste Mhuire gan Smál, in éineacht le hAontas Mic Léinn Choláiste Mhuire gan Smál an Lámhleabhar Mac Léinn-Tuismitheora.

## SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

### TRIAIL PHÍOLÓTACH DE CHLÁR COMHPHÁIRTÍOCHTA UM CHUIMSIÚ

In 2011-2012, thug Coláiste Mhuire gan Smál a bhí ag obair i gcomhpháirtíocht le Bráithre na Carthanachta sa Chlár, triail phíolótach isteach de chlár nua uileghabhálach oideachais ar a dtugtar an Clár Comhpháirtíochta um Chuimsiú. Príomhaidhm an chláir phíolótaigh ba ea bealach a chruthú do dhaoine fásta a bhfuil míchumais intleachtúla acu chun teacht ar thaithí tríú leibhéil ina mbíonn dámhachtain atá siad in ann a bhaint amach i suíomhanna uileghabhálacha. I gcaitheamh na bliana acadúla seo, d'fhreastail beirt mhac léinn a fuair tacaíocht ó chlár Streetwise Bhráithre na Catharnachta ar na léachtaí príomhshrutha agus bhí an deis acu a bheith rannpháirteach i saol an Choláiste. Tá siad ag éirí gníomhach agus rannpháirteach sa ghné shóisialta de shaol an Choláiste, ag dul chuig imeachtaí agus gníomhaíochtaí sóisialta i gcaitheamh nab liana acadúla.

### AN CLÁR UM MAIREACHTÁIL CHOMHAIMSEARTHA

I mí Mheán Fómhair 2011, chláraigh 15 mhac léinn sa Chlár um Maireachtáil Chomhaimseartha. Bhí an deis ag na mic léinn rannpháirteacha a bheith rannpháirteach i ngach gníomhaíocht sa Choláiste, agus bhí siad gafa le cumainn éagsúla den Choláiste agus thogh siad a n-ionadaí ranga féin a d'fhreastail ar na cruinnithe le hAontas na Mac Léinn. Agus iad ag obair le foireann tiomanta, thug na mic léinn faoi 4 mhodúl éagsúla i gcaitheamh na bliana acadúla agus d'oibrigh siad le teagascóirí an chúrsa, foireann tacaíochta agus meantóirí mic léinn chun obair agus tascanna an chúrsa a chur i gcrích i ngach ceann de na réimsí ábhair seo a leanas: Forbairt Gairme, Léirthuiscint ar na hEalaíona Cruthaitheacha; Eolaíocht Shóisialta agus Modúl Tionscadal Speisialta.


The Programme in Contemporary Living Award Ceremony May 17th 2012

I mí na Nollag 2011 d'eagraigh na mic léinn taispeántas agus imeacht eolais dar teideal 'An Cumas á Cheiliúradh', a chuir a dtionscadail, saothair ealaíne agus gnóthachtálacha i rith an tseimeastair ar taispeáint. I mí na Bealtaine 2012, fuair gach duine den 15 mhac léinn rannpháirteacha a ndamhachtainí  ó Uachtarán an Choláiste, nuair a chríochnaigh siad gach ceann den 4 mhodúl ar an gclár.

## SAOL MAC LÉINN SAN AM A CHUAIGH THART AGUS SA LÁ ATÁ INNIU ANN

Cheap an tAire Cumarsáide, Pat Rabbitte, Michelle Ní Chróinín, céimí MA sa Staidéar ar na Meáin Éireannacha, ar Bhord TG4 i mí Aibreáin 2012. Bhain Michelle, arb as Gaeltacht Iarthar Chorcaí, Baile Bhuirne, ó dhúchas í, céim amach in 2010 le Céim Mháistir sa Staidéar ar na Meáin Éireannacha.





In 2011, bhuaigh duine dár gcéimithe, Cian McCormack, atá ina thuairisceoir le Morning Ireland, an gradam Náisiúnta PPI/BAI de 'Tuairisceoir Raidió na Bliana 2011.' Bhuaigh sé an chéad duais sa dá bhliain roimhe sin chomh maith le gradaim eile roimhe sin e.g. Gradam na Meán Ceartais den Chumann Dlí don Raidió Náisiúnta in 2006. Ba mhac léinn Staidéar Meán & Cumarsáide agus Staire é Cian agus d'imigh sé ar aghaidh chun céim Mháistir a dhéanamh san iriseoireacht agus chun obair a dhéanamh mar shaoririseoir nuachtáin. Theagaisc sé an Iriseoireacht freisin anseo i gColáiste Mhuire gan Smál ar feadh tréimhse anseo go déanach sna 1990idí.

Bronnadh onóir ar Pháidí Ó Lionáird, céimí MA sa Staidéar ar na Meáin Éireannacha, ag na gradaim bhliantúla na Meán Gaeilge, Gradaim Chumarsáide an Oireachtais 2012, a bhí ar siúl i nGaillimh i mí na Bealtaine.



## TEACHING & LEARNING

### BRONNADH DOCHTÚIREACHTAÍ

Claire McGrail-Johnston, Roinn Teanga & Litríocht an Bhéarla, feitheoir an Dr. Eugene O'Brien.

Filippo Cassina, Roinn na Tíreolaíochta faoi fheitheoireacht an Dr. Catherine Dalton agus an Dr. Elvira de Eyto (Foras na Mara).

Treasa Campbell, Roinn na Fealsúnachta faoi fheitheoireacht an Dr. Steven Bond agus an Dr. Eugene O'Brien.


Treasa Bowe, Oideachas, faoi fheitheoireacht an Dr. Martin Gleeson.

Seán Ó Cathalláin, Roinn na Teanga, Litearthachta, agus Oideachas na Matamaitice faoi fheitheoireacht an Ollaimh Dick Johnstone agus an Dr. Greg Mannion.

Aoife McLoughlin, Roinn na Síceolaíochta faoi fheitheoireacht an Dr. Marek McGann.

Andrew Hunt, Roinn na Fealsúnachta, faoi fheitheoireacht an Dr. Catherine Kavanagh.

## Cairt Eagraíochtúil



# NA CUNTAIS

Coláiste Mhuire gan Smál
Ollscoil Luimnigh

## CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS
## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2012

| | Note | 2012 Euro | 2011 Euro |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontais | 1 | 9,699,087 | 9,899,797 |
| Deontas Caipitil – Forbairt Foirgneamh | 1 | 1,255,196 | 1,084,467 |
| Táillí Mic Léinn | 2 | 14,896,379 | 14,986,282 |
| Maoiniú nach bunmhaoiniú é a fhuascailt d'Fhorbairt na Leabharlainne | 12 | 1,279,883 | - |
| Ioncam Eile | 3 | 3,491,470 | 3,704,212 |
| Cláir Taighde agus Fhéinmhaoinithe | 8(c-e) | 2,143,211 | 1,855,867 |
| Maoiniú Neamh-Iarchurtha do Phinsin | 13(b) | 5,429,571 | 6,474,499 |
| **Ioncam Iomlán** | | **38,194,797** | **38,005,124** |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 9 | (1,456,588) | (3,035,809) |
| Aistriú ón gCúlchiste Forbartha | 10 | 433,342 | 1,301,510 |
| Aistriú chuig an gCúlchiste Cóiríochta | 11 | (234,304) | (291,110) |
| Aistriú chuig Cúlchiste Fhorbairt na Leabharlainne | 12 | (1,279,883) | - |
| | | 35,657,364 | 35,979,715 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Caiteachas Oibriúcháin | 4 | (25,925,959) | (25,976,305) |
| Costais Pinsean | 13(c) | (7,902,727) | (7,863,863) |
| Cláir Taighde agus Fhéinmhaoinithe | 8(c-e) | (2,143,211) | (1,855,867) |
| **(Easnamh)/Farasbarr don bhliain** | | (314,533) | 283,680 |
| Iarmhéid Tosaigh | | 3,206,730 | 2,923,050 |
| Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair | | 2,892,197 | 3,206,730 |

Thar ceann an Bhoird Rialaithe

Michael Hayes — John Coady

An tOllamh Michael A Hayes
Uachtarán

Mr John Coady
Leas-Uachtarán



# fuinneamh

## Léargas Ginearálta ar an Úsáid Fuinnimh 2012

Tá roinnt méadar leictreachais agus príomh-mhéadar gáis nádúrtha amháin a thugann cumhacht don champas i gColáiste Mhuire gan Smál. Déantar monatóireacht agus tuairisciú ar an úsáid leictreachais agus fuinnimh theirmigh sna Príomhfhoirgnimh, i dTeach Summerville agus i dTeach Courtbrack agus Gerard gach mí. Tá úsáid fuinnimh á bainistiú ag Coláiste Mhuire gan Smál ag baint úsáide as an trealamh is fearr atá ar fáil chun fuinneamh a thomhas.

Chomh maith leis sin, tá taifeadadh á dhéanamh ar an díosal/fuinneamh a bhaineann le cúrsaí iompair. In 2012, d'úsáid Coláiste Mhuire gan Smál 7,349.3 MWh d'fhuinneamh, mar seo a leanas:

- 1,900 MWh of electricity,
- 5,445 MWh of natural gas,
- 4.3 MWh of transport fuels (diesel)

## Gníomhaíochtaí a rinneadh in 2012

Tá an reachtaíocht nua um éifeachtúlacht fuinnimh (I.R. 154, 2009) á comhlíonadh ag Coláiste Mhuire gan Smál, agus tá monatóireacht á déanamh ar a fheidhmíocht fuinnimh, ó thaobh kWH do gach mac léinn coibhéise lánaimseartha, agus déantar é a thuairisciú chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) gach bliain.

Le linn 2012, thug Coláiste Mhuire gan Smál faoi thionscnaimh éagsúla chun feabhas a chur lena fheidhmíocht fuinnimh lena n-áirítear soilsiú éifeachtúlachta fuinnimh a chur isteach, na córais teasa a uasdátú agus feabhas a chur ar an insliú fabraice i bhfoirgnimh éagsúla.



## LÍON NA MAC LÉINN DON BHLIAIN ACADÚIL 2011-12

| Cineál | Lánaimseartha | Páirtaimseartha | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | | | |
| Fochéim | | | |
| Céim Onóracha [L8] | 2513 | | 2513 |
| Líon Iomlán na bhFochéimithe | 2513 | | 2513 |
| Iarchéim | | | |
| Dioplóma / Teastas Iarchéime | 187 | 24 | 211 |
| Máistreacht Mhúinte [L9] | 51 | 83 | 134 |
| Máistreacht Taighde [L9] | 46 | 2 | 48 |
| PhD [L10] | 53 | 1 | 54 |
| Líon Iomlán na nIarchéimithe | 337 | 110 | 447 |
| Líon Iomlán Chlárú na bhFochéimithe agus na nIarchéimithe | 2850 | 110 | 2960 |



## LÍON NA MAC LÉINN A BHAIN CÉIM AMACH 2010-11

| CÚRSA | LÍON NA MAC LÉINN A BHAIN CÉIM AMACH |
|---|---|
| Bachelor of Arts | 169 |
| Máistir sna Dána (Léann an Bhíobla) | 1 |
| Máistir sna Dána (Ceannaireacht Chríostaí) | 1 |
| Máistir sna Dána (Gaeilge) | 8 |
| Master of Arts (History) | 15 |
| Máistir sna Dána sa Staidéar ar na Meáin Éireannacha | 9 |
| Máistir sna Dána (Litríocht an Nua-Bhéarla) | 2 |
| Máistir sna Dána (Fealsúnacht agus Litríocht) | 3 |
| Máistir sna Dána (Diagacht) | 2 |
| Máistir sna Dána (Léann Diagachta) | 2 |
| Máistir sna Dána (Taighde & Tráchtas) | 7 |
| Dochtúir Fealsúnachta (na Dána) | 7 |
| Teastas san Obair Óige agus Pobail | 9 |
| Teastas Iarchéime i bhForbairt an Mhúinteora | 9 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas Aosach | 15 |
| Dioplóma Iarchéime sna Tecneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide san Oideachas Bunscoile | 9 |
| Dioplóma Iarchéime sna Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) | 42 |
| MEd. (Riachtanais Speisialta Oideachais) (RSO) | 9 |
| Baitsiléir Oideachais | 456 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) | 59 |
| Baitsiléir Oideachais san Oideachas agus sa tSíceolaíocht | 32 |
| Baitsiléir sna Dána (Cúram agus Oideachas Luath-Óige) | 49 |
| MEd. | 21 |
| MEd. (Oideachas Aosach & Leantach) | 5 |
| Máistreacht Oideachais (Oideachas na Luath-Óige) | 1 |
| MEd. sna Tecneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide san Oideachas Bunscoile | 10 |
| Máistreacht Oideachais i bhForbairt an Mhúinteora | 2 |
| Dochtúir Fealsúnachta (Oideachas) | 3 |
| **LÍON IOMLÁN A BHAIN CÉIM AMACH** | **957** |

BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL
OLLSCOIL LUIMNIGH

MARY IMMACULATE COLLEGE
UNIVERSITY OF LIMERICK